Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 11 Feabhra 2020
(OR. en)

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2016/0093(NLE)**

5654/1/20
REV 1

RECH 17
ATO 4
ASIE 7

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 7571/2016 + ADD 1 |
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena bhformheastar go ndéanfaidh an Coimisiún Eorpach an Comhaontú idir an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus Rialtas Phoblacht na hIndia maidir leis an gcomhar i ngníomhaíochtaí taighde agus forbartha i réimse úsáid shíochánta an fhuinnimh núicléach a thabhairt i gcrích<br>IARSCRIBHÍNN a ghabhann leis an gCINNEADH ÓN gCOMHAIRLE lena bhformheastar go ndéanfaidh an Coimisiún Eorpach an Comhaontú idir an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus Rialtas Phoblacht na hIndia maidir leis an gcomhar i ngníomhaíochtaí taighde agus forbartha i réimse úsáid shíochánta an fhuinnimh núicléach a thabhairt i gcrích<br>- Glacadh |

1. An 4 Aibreán 2016, chuir an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle togra uaidh le haghaidh Cinneadh ón gComhairle go dtabharfadh an Coimisiún i gcrích an Comhaontú idir an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach agus Rialtas Phoblacht na hIndia maidir leis an gcomhar i ngníomhaíochtaí taighde agus forbartha i réimse úsáid shíochánta an fhuinnimh núicléach.

2. Rinneadh an comhaontú sin a chaibidliú ar bhonn treoracha caibidlíochta a d'fhormheas an Chomhairle an 3 Iúil 2009.

3. Tar éis na gcruinnithe a bhí aici an 18 Aibreán, an 6 Meitheamh 2016, an 28 Márta, an 11 Aibreán, an 6 agus an 16 Bealtaine 2019 agus an 27 Eanáir 2020, tháinig an Mheitheal Chomhpháirteach um Thaighde agus um Cheisteanna Adamhacha ar chomhaontú maidir le formheas an Chomhaontaithe seo.

4. Is ceart, dá bhrí sin, do Choiste na mBuanionadaithe a mholadh don Chomhairle an Cinneadh lena bhformheastar tabhairt chun críche an Chomhaontaithe, mar a leagtar amach in 5647/20 RECH 15 ATO 2 ASIE 5 agus 5648/20 RECH 16 ATO 3 ASIE 6 sa riocht ar thug na dlítheangeolaithe chun críche é, a ghlacadh mar mhír "A".